# COMÓRADH NÁISIÚNTA AN GHORTA MHÓIR 2026

## CLÁR POBAIL



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

OPW

The Irish Workhouse Centre

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Tús Eolais

**Ionad Theach na mBocht, Port Omna, Co. na Gaillimhe | 9–24 Bealtaine 2026**

Cuimsítear le Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026 Clár Pobail fairsing imeachtaí acadúla, oideachais, cultúrtha agus ealaíne i bPort Omna ón 9–24 Bealtaine. Dearadh an clár go cúramach le go bhfaigheadh an pobal tuiscint níos doimhne ar an nGorta Mór agus, ag an am céanna, go gcinnteofaí go mbeadh páirteachas láidir pobail, foghlaim idirghlúine agus rannpháirtíocht chruthaitheach ag an leibhéal áitiuil, réigiúnach agus náisiúnta.

Tógann an clár ar a thábhachtaí atá Port Omna agus Oirthear na Gaillimhe i gcomhthéacs na staire agus tugann sé le chéile mórscoláirí, staraithe áitiúla, ealaíontóirí agus grúpaí pobail ó Chontae na Gaillimhe trí chéile chun cíoradh a dhéanamh ar oidhreacht dhaonna, shóisialta, pholaitiúil agus sheandálaíochta an Ghorta Mhóir.



Portumna Workhouse. Photo credit: Kerry Kissane.

# Réamhrá

Is mór an onóir é, mar Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, fáilte a chur romhaibh do Chlár Pobail Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026 i bPort Omna. Comhiarracht shuntasach atá i gceist leis an gclár seo agus é curtha roimhe an Gorta Mór a chomóradh ar bhealach stuama agus cuimsitheach, agus tuiscint stairiúil á léiriú aige.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt as an gceannaireacht atá léirithe aige agus an tacaíocht a thug sé a d'fhág gur féidir leis an gclár imeachtaí seo dul ar aghaidh, agus as an gclár a mhaoiniú. Gabhaim buíochas chomh maith le hOifig na nOibreacha Poiblí, Roinn an Taoisigh, an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha as a bhfuil déanta acu agus as a gcomhoibriú sa chomóradh ar bhonn níos leithne.

Tá mé thar a bheith buíoch le hIonad Theach na mBocht, Port Omna, agus aithnímid an tiomantas atá léirithe ag an bhfoireann chun an suíomh uathúil seo a chaomhnú agus a léirimhíniú, rud a fhágann gur ionad thar a bheith oiriúnach é dá leithéid seo de chuimhneachán. Tugaim aitheantas chomh maith, agus gabhaim buíochas le Cumann Tráchtála Phort Omna, Caisleán Phort Omna, scoileanna Phort Omna, agus leis na grúpaí pobail agus gnóthaí áitiúla ar fad a bhfuil a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht lárnach do rath na seachtaine comórtha seo.

Tugtar aitheantas sa chlár seo ar a thábhachtaí atá Comóradh an Ghorta Mhóir do mhuintir chontae na Gaillimhe agus don diaspóra. Tá féiniúlacht, cuimhne agus ceangal thar na nglúnta agus na farraigí móra á múnlú i gcónaí ag an stair sin.

**An Comhairleoir David Collins**
*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe*

# Teachtaireacht

Tugann Clár Pobail Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026 aitheantas don chaoi a dtéann an méid ar tharla san am a caitheadh i bhfeidhm orainn mar chine.

Léiriú is ea an Clár seo ar a chumhachtaí atá an chomhpháirtíocht idir Comhairle Chontae na Gaillimhe, ranna rialtais, gníomhaireachtaí náisiúnta, eagraíochtaí oidhreachta, oideoirí, ealaíontóirí agus grúpaí pobail. Údar bróid dár gComhairle is ea é tacaíocht a thabairt don chlár pobail seo, agus éascaíocht a dhéanamh dó, trínar nOifig Oidhreachta agus trína ndéanann go leor ball foirne de chuid na Comhairle ar fud na heagraíochta.

Gabhaim buíochas ó chroí le foireann na Comhairle a bhfuil baint acu leis an obair thábhachtach seo. Tá mé buíoch freisin de phobail Chontae na Gaillimhe, agus ar fud na tíre, grúpaí oidhreachta san áireamh, as a bhfuil déanta acu chun cabhrú leis an gclár imeachtaí seo a chur i dtoll a chéile. Cinnteoidh an obair sin ar fad go mbeidh tionchar ag scoláirí, eolas áitiúil, cuimhne na ndaoine agus guth an phobail ar Chomóradh na Ghorta.

Suíomh oiriúnach agus suntasach is ea Ionad Theach na mBocht i bPort Omna, Contae na Gaillime don chomóradh náisiúnta seo ar thréimhse thragóideach i stair na hÉireann. Baineann tábhacht faoi leith i dtéarmaí náisiúnta le Teach seo na mBocht agus meabhraíonn sé dúinn an ról lárnach a bhí ag na hinstitiúidí seo i rith an Ghorta Mhóir, agus an tionchar a bhí acu ar na mílte i nGaillimh féin agus níos faide i gcéin.

Tá dualgas orainn cuimhneachán a dhéanamh ar cheann de na tréimhsí is tábhachtaí agus is suntasaí i stair na hÉireann ar bhealach cúramach agus cruinn, agus le dínit. Fágann óstáil Chlár Pobail 2026 ag an ionad seo gur treise an fhreagracht sin.

**Liam Conneally**
*Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae na Gaillimhe*

# Teachtaireacht ón mBord Stiúrthóirí

## Ionad Theach na mBocht, Port Omna

Is onóir é do Bhord Stiúrthóirí Ionad Theach na mBocht gur roghnaíodh Port Omna mar phríomhshuíomh do Chlár Pobail Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026.

Rinneadh an suíomh seo a chaomhnú agus a léirmhíniú ar bhealach a chabhródh le tuiscint an phobail, agus spás uathúil agus suntasach atá ann ar ar féidir dul i ngleic le stair agus le hoidhreacht an Ghorta Mhóir.

Aithnímid comhoibriú Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an tacaíocht a thug an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt dúinn, chomh maith le tiomantas gach comhpháirtí agus rannpháirtí a rinne a gcuid chun an clár fairsing seo a chur i dtoll a chéile. Léireofar sna himeachtaí seo a chuirfear i láthair as seo go ceann cúpla seachtain a thiomanta atáimid cuimhneachán ómósach a reáchtáil ina ndéanfar cíoradh stairiúil agus ina mbeidh an pobal páirteach.

Suíomh is ea Ionad Theach na mBocht inar féidir iniúchadh cáiréiseach a dhéanamh ar an stair agus ina dtacaítear leis an bhfoghlaim, an machnamh agus an dialóg dóibh siúd atá beo anois agus do na glúnta atá le teacht.



Irish Workhouse Centre, Portumna, Co. Galway.

# Dé Sathairn 9 Bealtaine 2026

## Machnamh ar an nGorta:
## Comhdháil Chomórtha

Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**
Am: **9am – 5pm**

Cuirfear tús leis an gclár le comhdháil acadúil lae. Leagfar síos bonn intleachtúil d'imeachtaí na seachtaine sa chomhdháil seo ina ndéanfar cíoradh ar an gcaoi a ndearnadh an Gorta Mór a chomóradh, a léiriú agus a thuiscint ón naoú céad déag go dtí an lá atá inniu ann.

I measc na dtéamaí a bheidh faoi chaibidil beidh cuimhne an phobail agus comóradh, gorta agus na healaíona, ceol agus caillteanas cultúrtha, daonchairdeas, rialachas agus feidhmiú Dhlí na mBocht. Beidh plé painéil ann ina dtiocfaidh staraithe clúiteacha agus tráchtairí le chéile chun oidhreacht leanúnach an ghorta in Éirinn agus i measc na nÉireannach thar lear a phlé. Tarraingeoidh an chomhdháil aird ar Phort Omna mar ionad náisiúnta scoláireachta agus machnaimh i rith na seachtaine comórtha agus láidreoidh sé na naisc idir taighde acaduil agus tuiscint an phobail.

---

# Dé Domhnaigh 10 Bealtaine 2026

## Scéalta ón nGorta – Oscailt an taispeántais agus seoladh leabhair *Hunger, Hardship and Relief: The Great Famine in Killimor, Co. Galway*

Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**

**An Comhairleoir: David Collins**, *Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, a dhéanfaidh an seoladh oifigiúil*

Am: **1pm – 4pm**

Tar éis tús acadúil a bheith curtha leis an gcomhdháil, is ar scéalaíocht pobail atá an fócas anois agus an taispeántas Scéalta ón nGorta á oscailt ina gcuirtear i láthair gnéithe de stair an Ghorta i gcontae na Gaillimhe agus Minnesota. I measc na bhfoinsí ar tharraing an taispeántas aird orthu tá taighde pobail, foinsí cartlainne agus léirmhíniú físiúil, agus tugtar aitheantas ann do thaithí na ndaoine i gceantair uirbeacha, tuaithe agus cósta chomh maith le scéalta eisimirce agus lonnaíochta mhuintir na Gaillimhe a chuir fúthu in Minnesota. Tugann na peirspictíochtaí seo le chéile spléachadh ar shaol na daoine sa mbaile agus i Meiriceá Thuaidh agus tugann siad deis do chuairteoirí tuiscint níos doimhne agus níos daonna a fháil ar oidhreacht an Ghorta Mhóir agus ar na naisc thrasnáisiúnta a mhaireann go dtí an lá atá inniu ann.

**Seoladh leabhair**

*Hunger, Hardship and Relief: The Great Famine in Killimor, Co. Galway*

Leabhrán nuafhoilsithe faoin ngorta is ea *Hunger, Hardship and Relief* ina gcíortar eispéireas bhaile Chill Íomair i rith bhlianta an ghorta. Tá pobail áitiúla ag éirí níos gníomhaí maidir lena stair agus a scéalta féin a aisghabháil agus tá an múnla sin á leanúint ag muintir Chill Íomair sa mhéid is gurb iad féin a rinne an taighde agus a chuir an leabhrán seo i dtoll a chéile. Foilseachán is ea é a chuirfear leis an gcnuasach staidéir níos leithne ar an ngorta i gContae na Gaillimhe.



Kieran Tuohy,
Portumna Workhouse: Writer's Project
Photo credit Kerry Kissane.

# Dé Luain 11 Bealtaine 2026

*Children in the Workhouse*

## Seoladh Leabhair Oideachais Dhátheangaigh do Leanaí

Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**
Am: **11am – 1pm**

Gné lárnach den Chlár Pobail is ea for-rochtain Oideachais. Seolfar leabhar saothair oideachais dhátheangaigh nua do leanaí ar an Luan dar teideal *Children in the Workhouse*. Is é an Dr Gerard Moran údar an leabhair agus Sara Nylund a rinne na léaráidí, agus an aidhm atá leis tús eolais a thabhairt don aos óg maidir le stair an ghorta agus córas theach na mbocht ar bhealach soiléir, aois-oiriúnach agus mealltach. Beidh idir scoileanna, theaghlaigh agus mhúinteoirí in ann leas a bhaint as an leabhar saothair dátheangach seo agus cinnteoidh sé go mbeidh brí ag coincheap an chomórtha don chéad ghlúin eile agus gan an fhoghlaim agus an machnamh a bheith teoranta do bhliain an chomórtha féin.



Kieran Tuohy,
Dark Shadows exhibition.
Photo credit Kerry Kissane.

# Dé Máirt 12 Bealtaine 2026

## Léacht Phoiblí Am Lóin

*House Thrown Down by Neighbours: Entering the Grey Zone of the Great Famine:* **Léacht le Breandán Mac Suibhne, Ollscoil na Gaillimhe** agus **Mapa Scéala Mac Léinn Ollscoil na Gaillimhe agus seoladh leabhair** *Beyond the Gates: Stories from Seven Galway Workhouses*

Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**
Am: **12.30pm – 3.00pm**

**Seoladh Oifigiúil: Dr Breandán Mac Suibhne**, *Ollscoil na Gaillimhe*

Cuid den tsraith nua, **Léacht ag Am Lóin**, an imeacht seo a bhfuil sé mar aidhm aige spéis a mhúscailt i measc pobal áitiúil maidir le stair an ghorta ar bhealach neamhfhoirmeálta ach eolasach. Is é an Dr Breandán Mac Suibhne, Ollscoil na Gaillimhe, a thabharfaidh an léacht seo ag am lóin, ar acadóir é a bhfuil a chuid saothair tar éis cur go mór le scoláireacht chomhaimseartha an Ghorta Mhóir.

**Léacht:** *House Thrown Down by Neighbours: Entering the Grey Zone of the Great Famine* le **Breandán Mac Suibhne**, *Ollscoil na Gaillimhe*

Is cás don scoláireacht ar an nGorta Mór le fada an lá an méid a rinne tiarnaí talún, carthanais agus an stát do na boicht, agus ar son na mbocht. Tá níos mó aird á tabhairt ag scolairí ó dheireadh na 1990aidí don mhéid a rinne na boicht ar a chéile, agus ar son a chéile. Déanann staraí Ollscoil na Gaillimhe, Breandán Mac Suibhne, cíoradh anseo ar ghné aimhréidh den Ghorta, agus tagairt faoi leith á déanamh d'oirthear na Gaillimhe.

Seolfar Mapa Scéala digiteach atá curtha i dtoll a chéile ag mic léinn Ollscoil na Gallimhe i ndiaidh na léachta mar aon le foilseachán a ghabann leis, *Beyond the Gates: Stories from Seven Galway Workhouses*. Tarraingíonn na tionscadail seo aird ar a luachmhaire atá taighde mac léinn agus pobail, na daonnachtaí digiteacha agus an fhoghaim atá bunaithe ar áit faoi leith, agus fágann siad go bhfuil taighde nua inrochtana don phobal níos

leithne. Tugann an seoladh seo aitheantas chomh maith don chomhoibriú láidir idir institiúidí ardoideachais agus tionscadail oidhreachta áitiúla.

## **Seoladh agus Léamha:** *Silence of Stone* Scríbhneoireacht nua do Chomóradh an Ghorta Mhóir

Dáta: **Dé Máirt 12 Bealtaine 2026**
Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**
Am: **7.30pm – 8.30pm**

Rinne Ionad Theach na mBocht socrú le scríbhneoir áitiúil, Noelle Lynskey, chun sraith ceardlann scríbhneoireachta a éascú mar chuid de chlár for-rochtana pobail Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026 i bPort Omna. Bhain grúpa éagsuil rannpháirtithe as an gClár, Tiobraid Árann, cathair na Gaillimhe, Port Omna agus na paróistí máguaird inspioráid ó chomhthimpeallacht agus ó dhéantáin an mhúsaeim atá suite san ionad. Foilsítear cuid den scríbhneoireacht atá déanta de bhun an tionscadail san fhoilseachán nua seo, *Silence of Stone*.

Fuair na ceardlanna seo maoiniú ó Éire Ildánach agus thug Ionad Theach na mBocht agus Grúpa Ealaíne Phort Omna tacaíocht dóibh. Is é Little Bird Design a rinne an dearadh agus Noelle Lynskey a rinne eagarthóireacht air, agus is é an Roinn Cultúir, Cumarsáidí agus Spóirt agus Comhairle Contae na Gaillimhe a thug maoiniú dó.



IGHM Illustration

# Dé Céadaoin 13 Bealtaine 2026

## Léacht ag Am Lóin: Léacht Phoiblí agus seoladh an *An Gorta Mór i Maigh Cuilinn 1845-1850 (1997)* – Athchló

Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**
Am: **12.30pm – 3.00pm**

*An Gorta Mór i Maigh Cuilinn 1845-1850 (1997)* **– Athchló Seoladh Oifigiúil: An Dr Christy Cunniffe**

Seolfar an *An Gorta Mór i Maigh Cuilinn 1845-1850 (1997)* ag an imeacht seo, ar athchló é agus trína gcinnteofar rochtain leanúnach an phobail ar staidéar áitiúil tábhachtach ar an nGorta Mór. Bíonn spéis ag an bpobal i gconaí i bhfoilseacháin stairiúla áitiúla agus tacóidh an t-athchló seo leis an leabhrán a chur ar fáil do phobal níos leithne.

**Léacht ag Am Lóin Léacht le Kathleen Villiers-Tuthill**

Déantar iniúchadh sa léacht seo ar Chonamara agus an Gorta Mór. Tagrófar do pheirspictíochtaí réigiúnacha agus ar scoláireacht fhadbhunaithe chun cíoradh a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh riochtaí an ghorta i bhfeidhm ar an tírdhreach, an tsochaí agus ar chuimhne na ndaoine in iarthar na hÉireann.

---

**Dé Céadaoin, 13 Bealtaine 2026**

**Siúlóid & Caint**
*Cead isteach IN AISCE don turas*

Tabharfaidh **Noel Larkin** 'caint & siúlóid' threoraithe dar teideal *'The 14th Earl of Clanricarde and his pivotal role in administrating his estate during the Famine Period'*

Ionad: **Caisleán Phort Omna, Port Omna**
Am: **3.00pm – 4.00pm**

---

## *Bishop Maginn: The Famine and the Fugitive*

Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**
Dáta: **Dé Céadaoin, 13 Bealtaine 2026**
Am: **8.00pm**

*BISHOP MAGINN - THE FAMINE AND THE FUGITIVE*

Cur i láthair ar an stáitse ag suíomh ar leith i ngníomh amháin Arna.

Scríofa ag **Turlough McConnell** agus arna Stiúradh ag **Marian Frawley**

"In the darkest year of Ireland's Famine, a defiant bishop and a hunted revolutionary meet in secret – and must decide how much a nation is worth saving."

Cuireadh síos éirí amach Éire Óg laistigh de roinnt uaireanta an chloig an 29 Iúil, 1848 i mBaile an Gharraí, Contae Thiobraid Árann. Chuathas sa tóir ar na ceannairí, gabhadh iad agus daoradh chun báis iad. Nuair a cuireadh tréas i leith duine acu, d'fhéach sé le cúnamh a lorg ón Dr Edward Maginn, Easpag Caitliceach Dhoire.

Fíorscéal as an ngnách atá sa dráma beag seo agus é á chur ar stáitse sa spás ceannann céanna inar iarr daoine ocracha fóirithint tráth den saol.

Labhróidh an **tOllamh Christine Kinealy**, Ollscoil Quinnipiac, agus **an Dr Gerard Moran**, Ollamh Emeritus, Ollscoil na Gaillimhe faoin gcomhthéacs stairiúil ina dhiaidh.



IGHM Illustration

# Déardaoin 14 Bealtaine 2026

## Léacht ag Am Lóin

Ionad: **Teach na Cúirte, Port Omna**
Am: **12.30pm – 2.30pm**

**Cainteoir: Bernie Doherty**, *Seandálaí Pobail na Gaillimhe*

Díríonn caint Bernie Doherty ar **sheandálaíocht an ghorta**, agus déanann sí cíoradh ar rianta fisiciúla agus ábhartha atá fágtha sa tírdhreach, ina measc patrúin lonnaíochta, oibreacha fóirithinte, láithreacha adhlactha agus áiteanna tréigthe. Tá blianta fada taithí ghairmiúil ag Bernie i réimse na seandálaíochta agus an taighde pobal-bhunaithe, agus labhróidh sí ar an gcaoi a bhfuil seandálaíocht in ann léargais a thabhairt ar thaithí na ndaoine, straitéisí marthanais agus ar an oidhreacht san fhadtéarma, ar gnéithe iad sin a chuireann leis na foinsí doiciméadacha agus leis an stair béil.

---

# Dé hAoine 15 Bealtaine 2026

## Léacht ag Am Lóin: *Saol agus gairm pholaitiúil John Roche MP (1848-1914)*

Ionad: **Teach na Cúirte, Port Omna**
Am: **12.30pm – 2.30pm**

**Cainteoir: Aan tArd-Cheannfort Gerard Roche**

Sa léacht seo, labhraíonn an tArd-Cheannfort Gerard Roche ar ghnéithe idir phearsanta agus stairiúla de shaol agus gairm pholaitiúil a shinseanathar, John Roche MP (1848-1914). Déanfar scéal John Roche a insint i gcomhthéacs an streachailt níos leithne do chearta tionóntaí agus úinéireacht talún in Oirthear na Gaillimhe. Tarraingíonn sé aird ar chuimhní an ghorta, suaitheadh talún, polaitíocht bhunreachtúil agus frithbheartaíocht na cosmhuintire. Tugtar spléachadh sa léacht ar an

gcaoi ar mhúnlaigh cruatan an drochshaoil braistint pholaitiúil na daoine i dtreo dheireadh an naoú céad déag agus tús an fhichiú haois. Déanann Roche insint stairiúil agus a oidhreacht phearsanta a cheangal le chéile agus gníomh suaithinseach comórtha a dhéanamh astu.

---

## Conair Siúlóíde an Ghorta Mhóir agus Teach na mBocht (Siúlóid Threoraithe)

Dáta: **Dé hAoine, 15 Bealtaine 2026**
Am: **7.30pm (fad ama: díreach os cionn uair an chloig)**
Teacht le chéile: **Teach na Cúirte, Port Omna**
Ionad: **Bealach siúlóide trí Phort Omna**

Is é **David Broderick** a bheidh i gceannas ar an tsiúlóid threoraithe seo ar a ndéanfar taiscéaladh ar shuíomhanna i gceantar Phort Omna a bhfuil baint acu leis an nGorta Mór agus le Teach na mBocht. Is cinnte go mbeidh idir ábhar spreagtha agus ábhar machnaimh ann.

Bunófar conair oidhreachta féintreoraithe bhuan ar an tsiúlóid seo ar a n-inseofar scéal Mary Fielding, cailín óg a chaith a saol agus a cailleadh i dTeach na mBocht i bPort Omna. D'eascair an smaoineamh don chonair seo de bhun Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026.

**Ní gá áirithint a dhéanamh**

---

## *HUNGER / An Gorta Mór*

Dáta: **Dé Luain, 18 Bealtaine**
Ionad: **Teach na mBocht, Port Omna**
Am: **7.30pm**

Léireoidh Curlew Theatre *HUNGER / An Gorta Mór*, dráma le dhá ghuth, arna láithriú ag Tegolin Knowland agus Seán Coyne, faoi stiúir Eamon Grennan.

Saothar cumhachtach é seo a fhéachann le freagairt go cruthaitheach d'impleachtaí an Ghorta Mhóir, ábhar nár tarraingíodh anuas ach go hannamh i measc na nÉireannach sa tréimhse a lean é. Is saothar fuaime é atá bunaithe ar ghlórtha na ndaoine a mhair i ré an Ghorta, a chonaic

uafás an Ghorta nó a raibh baint ar bith acu leis an tubaiste seo. Cuirtear glórtha ón 16ú haois go dtí deireadh an 18ú haois i láthair i bprólóg stairiúil, le giotaí ó scríbhinní le húdair mar Spenser, Swift agus Goldsmith, agus leanann an saothar as sin le himeachtaí an Ghorta féin.

Féachtar sa saothar seo, trí théacs agus glórtha araon, leis an ngné dhaonna den Ghorta a thabhairt chun cinn, agus teagmháil a chruthú idir glórtha ó ré an Ghorta agus lucht féachana an tsaothair.

Is i gConamara i gContae na Gaillimhe atá compántas amharclannaíochta Curlew lonnaithe, agus díríonn siad go sonrach ar dhrámaí do ghlórtha atá bunaithe ar stair, litríocht agus cultúr na hÉireann. Tarraingíonn a saothar beagnach go hiomlán ar théacsaí agus ar ghlórtha, seachas ar phrapaí stáitse, rud a fhágann go gcruthaítear dáimh agus teagmháil faoi leith idir na haisteoirí agus an lucht féachana. Tá *HUNGER / An Gorta Mór* curtha ar an stáitse cheana ag Músaem an Ghorta Mhóir in Ollscoil Quinnipiac, Connecticut.

"In *Hunger*, Knowland and Coyne briefly and evocatively made that catastrophic time live for our audience … it was one of the highlights of our year."

*— Joseph Lennon, Stiúrthóir, Clár Léann na hÉireann, Ollscoil Villanova.*

# SEISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA

## Tráthnóna Amhrán

Dáta: **Dé Máirt, 19 Bealtaine**
Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**
Am: **8.00pm – 9.00pm**

*(Osclófar na doirse ag 7.45pm)* **Cead Isteach: In aisce**

Tagann **Omna** (Port Omna) agus **Scrum Notes** (Baile Locha Riach) le chéile leis an gceoltóir aonair **Pascal Kennedy** don tráthnóna amhránaíochta seo. Is í **Carmel Dooley** atá ina stiúrthóir cláir le tionlacan ó **Sophie Ward**,

agus eispéireas ceoil roinnte á thairiscint acu i suíomh stairiúil Ionad Theach na mBocht.

## Joyce Little – *Threadbare*

Ionad: **Ionad Theach na mBocht, Port Omna**
Dátaí anTaispeántais: **24 Bealtaine – 14 Meitheamh**
Seoladh Oifigiúil: **Dé Domhnaigh 24 Bealtaine at 3.00pm**

**Arna sheoladh ag: Nuala O'Connor**

Cuireann an t-amharc-ealaíontóir agus teiripeoir ealaíne **Joyce Little** taispeántas saothar ealaíne teicstíle dar teideal *Threadbare* i láthair mar chuid de chlár pobail Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir.

Baintear an bonn de pheirspictíochtaí coinbhinsiúnacha i leith ealaín na teicstíle sa taipseántas *Threadbare*, agus féachtar le léargas a thabhairt ar an mianach ealaíne agus dealbhóireachta a bhaineann le héadach. Agus í ag tarraingt ar a taithí i ndearadh faisin, baineann Little leas as teicstílí ní hamháin mar ábhair ornáideacha ach freisin mar earraí struchtúrtha atá faoi réir ag foirm, teannas agus gluaiseacht. Aithnítear ina saothar a shuntasaí is atá teicstílí i gcomhthéacs cultúrtha, sóisialta agus timpeallachta, agus tugtar aghaidh ann ar théamaí mar thomhaltachas, mearfhaisean, lucht saothair nach bhfaigheann cúiteamh cuí agus cur amú teicstílí, ar fadhb í sin atá ag éirí níos measa. Léirítear teicstílí sa saothar seo mar ábhair a dhéanann muid a thionlacan ó bhreith go bás agus a bhfuil ról lárnach acu sna bealaí a gcuireann daoine iad féin in iúl agus i bhféiniúlacht phearsanta an duine.

Seolfaidh **Nuala O'Connor** an taispeántas go hoifigiúil **Dé Domhnaigh, 24 Bealtaine ag 3.00pm**, agus feartar fáilte roimh na bpobal freastal air.

Anuas air sin, reáchtálfaidh Joyce Little **Ceardlann Priontála Gelli do dhaoine fásta Dé Luain, 25 Bealtaine, 2.00pm–4.00pm**, ag Ionad Theach na mBocht, Port Omna. Tabharfar deis do rannpháirtithe na ceardlainne seo triail a bhaint as priontáil Gelli, agus úsáid á mbaint acu as ábhair luibheolaíocha, teicstílí agus lása. Déanfar éascaíocht dóibh siúd nach bhfuil aon taithí mar aon le healaíontóirí oilte monaiphriontaí sraithaithe a

chruthú a bheadh oiriúnach do fhrámaí, dialanna, colláis nó feidhmeanna teicstíle.

Tá tacaíocht á fáil ag an gceardlann seo ó **Éire Ildánach, Comhairle Contae na Gaillimhe.**

Déan teagmháil le info@irishworkhousecentre.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

**Chun tuilleadh eolais a fháil faoi aon cheann de na himeachtaí thuasluaite, déan teagmháil le:**

Ionad Theach na mBocht, Port Omna, Co. na Gaillimhe H53 EK74

**Teileafón:** (090) 975 9200

**Ríomhphost:** info@irishworkhousecentre.ie

**Suíomh gréasáin:** https://irishworkhousecentre.ie/ nó

**Oifig Oidhreachta, Comhairle Contae na Gaillimhe**

**Ríomhphost:** heritage@galwaycoco.ie

**Clár Pobail Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026**
**Bainisteoirí Tionscadail:** An Dr Christy Cunniffe, Ionad Theach na mBocht; Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae na Gaillimhe; An Dr Gerard Moran.

**Clár Pobail Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026**
**Grúpa Stiúrtha:** An Dr Christy Cunniffe, Ionad Theach na mBocht; Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae na Gaillimhe; An Dr Gerard Moran; Martin Sheil, Ionad Theach na mBocht; Ann Hodgins, Ionad Theach na mBocht agus Donal Burke, Ionad Theach na mBocht.

Táimid buíoch leo seo ar fad as a n-ionchar luachmhar: Valerie Kelly, Comhordaitheoir Éire Ildánach, Comhairle Contae na Gaillimhe; Jo Vahey, Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Contae na Gaillimhe; Michael Owens, Stiúrthóir Seirbhísí, Seirbhísí Corparáideacha, Forbairt agus Comhtháthú Tuaithe, Pobail & Turasóireachta, Comhairle Contae na Gaillimhe; Liam Hanrahan, Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt Eacnamaíoch

& Pleanáil, Comhairle Contae na Gaillimhe; Gerard Haugh, Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Contae na Gaillimhe; Niall Kennedy, Innealtóir Feidhmiúcháin, Comhairle Contae na Gaillimhe; Vickie Clough, Oifigeach Forbartha Ghnó & Oibríochtaí, Comhairle Contae na Gaillimhe; Ita Gordon, Gina O'Shaughnessy, Anne Power agus Martina Creaven, Comhairle Contae na Gaillimhe; Jean Brann, Comhairle Contae na Gaillimhe, Helen Riordan, Comhairle Contae na Gaillimhe, Breda Reilly, Comhairle Contae na Gaillimhe, Louise O'Donnell, Comhairle Contae na Gaillimhe, Foireann Oifige Phort Omna agus Bhaile Locha Riach, Comhairle Contae na Gaillimhe; Maoir Phobail, Comhairle Contae na Gaillimhe; Dolores O'Shea, Ionad Theach na mBocht; Marianne ten Cate, Profléamh, KPW Printworks, Béal Átha na Sluaighe; Noelle Lynskey agus Joyce Little.

Gabhaimid buíochas chomh maith leis na grúpaí pobail agus gnóthaí ar fad i mbPort Omna, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- *An Gháirdín*
- *Forbairt Tuaithe na Gaillimhe (scéimeanna TÚS agus RSS)*
- *GRETB*
- *Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Phort Omna*
- *Caisleán Phort Omna*
- *Cumann Tráchtála Phort Omna*
- *Comharchumann Phort Omna*
- *Pobalscoil Phort Omna*
- *Teach na Cúirte, Port Omna*
- *Cumann Lúthchleas Gael, Port Omna*
- *Coiste na mBailte Slachtmhara, Port Omna*
- *Shorelines*
- *Scoil Náisiúnta Bhreandáin, Port Omna*
- *Foireann agus oibrithe deonacha Theach na mBocht*

Fuair Clár Pobail Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2026 maoiniú ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus ó Chomhairle Contae na Gaillimhe.

The IRISH WORKHOUSE CENTRE

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland